



An tOmbudsman Seirbhísí  
Airgeadais agus Pinsean  
Financial Services and  
Pensions Ombudsman

## Foilsíonn an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean cinntí atá ina gceangal de réir an dlí a eisíodh in 2020

### 3 Feabhra 2021

D'fhoilsigh an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean (OSAP) a chinntí is deireanaí atá ina gceangal de réir an dlí, cinntí a eisíodh sa dara leath de 2020. Tá os cionn 1,000 cinneadh atá ina gceangal de réir an dlí i mbunachar sonraí cinntí ar líne an OSAP anois, cinntí a eisíodh ó bunaíodh an OSAP trí bliana ó shin.

Tarraingíonn na cinntí a fhoilsítear inniu aird ar an raon leathan ceisteanna as a n-eascaíonn gearáin don OSAP chomh maith leis an toradh ar imscrúduithe agus cinntí an OSAP maidir leis na gearáin sin. Áirítear i measc cuid de na horduithe a rinne an tOmbudsman sna cinntí foilsithe:

- Aisíoc €66,000 móide ús go cuntas bainc páiste, i ndiaidh gur theip ar an mbanc na cosaintí cuí a chur i bhfeidhm ar an gcuntas agus gur lig sé do thuismitheoir an pháiste airgead a aistarraingt as an gcuntas, a tháinig salach ar an ngá go mbeadh an páiste ina sínitheoir ar an gcuntas.
- Cúiteamh €20,000, €22,000 agus €15,000 i gcás trí ghearán ar leith faoi mhorgáistí rianúcháin, tráth a raibh na gearánaigh den tuairim nár leor an cúiteamh a thairg na soláthraithe ábhartha ar dtús.
- Cúiteamh £17,000 i ndiaidh cinneadh gur theip ar chuideachta infheistíochta ina dhualgas cúraim i gcás a chustaiméara arbh chearrbhach neamhshrianta é agus nach ndeachaigh an chuideachta i ngleic lena ghearán go cuí.
- Cúiteamh €15,000 i ndiaidh do sholáthraí morgáiste tuairisc mhíchruinn tuairisc “ag feitheamh ar dhlíthíocht” a thabhairt do Bhiúró Creidmheasa na hÉireann ar stádas mhorgáiste an ghearánaigh, i ndiaidh don soláthraí an morgáiste a fháil ó iasachtóir eile.
- Cúiteamh €15,000 do lánúin a fuair leibhéal do-ghlactha seirbhíse agus mífhaisnéise óna mbanc i gcás Díolacháin Dheonaigh Chuidithe.
- Ordú d’árachóir litir a eisiúint ina ndeimhnítear gur cuireadh polasaí an ghearánaigh ar ceal mar gheall ar earráid agus cúiteamh €15,000 a íoc. Ordaíodh é sin i ndiaidh don árachóir polasaí árachais gluaisteáin a chur ar ceal bunaithe ar shonraí lochtacha ó ghaireas teileamaitice.
- Ordú d’árachóir éileamh €1,311 agus cúiteamh €1,500 a íoc, i ndiaidh éilimh mar gheall ar obair fiaclóireachta a d’eascair as timpiste i gclós na scoile nuair a bhí an gearánach ina páiste.
- Cúiteamh €3,000 i gcás gearáin in aghaidh bróicéara nár nocht táillí agus coimisiún a bhain le plean pinsin.

Anuas ar na cinntí iomlána a fhoilsiú sa Bhunachar Cinntí ar [www.fspo.ie](http://www.fspo.ie), d’fhoilsigh an tOmbudsman Imleabhar 5 dá *Achoimre ar Chinntí atá ina gCeangal de réir an Dlí* freisin. Tugtar

achoimre san fhoilseachán sin ar 18 gcinneadh a bhain le gearáin a rinneadh faoi sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus dhá chás-staidéar faoi chinntí maidir le gearáin a rinneadh faoi sholáthraithe pinsean. Foilsíonn an tOmbudsman na cinntí sin, agus an Achoimre ar Chinntí, agus é mar aidhm aige trédhearcacht agus tuiscint ar a chumhachtaí agus na seirbhísí a chuireann an OSAP ar fáil a fheabhsú.

Ag labhairt dó faoi na cinntí a foilsíodh, dúirt an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean Ger Deering:

*“Feicfead ó na hachoimrí agus na cás-staidéir san Achoimre seo, agus ó théacs iomlán mo chinntí atá ina gceangal de réir an dlí, go gcuireann an OSAP bealach tábhachtach sásaimh ar fáil, má chreideann tomhaltóirí nár chaith a soláthraí seirbhísí airgeadais nó soláthraí pinsean leo ar bhealach cóir, réasúnta ná cuí.*

*“Tá gearáin faoi mhorgáistí rianúcháin fós ina gcuid mhór d’obair m’Oifige. Sheas mé le roinnt gearán faoi mhorgáistí rianúcháin, nuair a chinn mé nach raibh an cúiteamh a bronnadh ar na gearánaigh sách ard. Tarlaíonn sé fós go bhfuil líon mór de na gearáin faoi mhorgáistí rianúcháin a chuirtear faoi bhráid an OSAP míréadúil, agus roinnt gearánach den tuairim gur leor a mian go mbeadh ráta úis rianúcháin acu chun go mbeadh ar a mbanc é sin a bhronnadh orthu. Is cosúil go bhfuil easpa tuisceana ann go gcaithfidh oibleagáid chonartha nó eile a bheith ar an mbanc chun go mbeadh duine i dteideal ráta úis rianúcháin faoi leith.”*

Dúirt an tOmbudsman Deering freisin: *“Is é seo an cúigiú huair dom mo chuid cinntí atá ina gceangal de réir an dlí a fhoilsíú ó thug an tOireachtas an chumhacht reachtúil dom sin a dhéanamh. Tá os cionn 1,000 cinneadh atá ina gceangal de réir an dlí inár mBunachar Sonraí Cinntí ar líne anois, cinntí a eisíodh ó bunaíodh an OSAP i mí Eanáir 2018. Tá an chumhacht reachtúil na cinntí sin a fhoilsíú tábhachtach, toisc go gcabhraíonn rochtain ar théacs mo chinntí go mór leis an bhfeasacht ar ról na hOifige seo a leathnú agus go bhfeabhsaítear tuiscint níos fearr ar an gcaoi a mbimid ag plé le gearáin in aghaidh soláthraithe seirbhísí airgeadais agus soláthraithe pinsean.”*

Tugtar achoimre in *Achoimre ar Chinntí an Ombudsman atá ina gCeangal de réir an Dlí: Imleabhar 5* ar 18 gcinneadh a bhain le gearáin a rinneadh faoi sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus dhá chás-staidéar faoi chinntí maidir le gearáin a rinneadh faoi sholáthraithe pinsean, agus tá sé le fáil ar <https://www.fspo.ie/publications/>

[Is féidir teacht ar an mbunachar sonraí iomlán cinntí ar https://www.fspo.ie/decisions/](https://www.fspo.ie/decisions/)

## Críoch

### Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le:

Áine Carroll, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáide

Sonraí teagmhála: 085 8873374 | [media@fspo.ie](mailto:media@fspo.ie)

Tá an OSAP ar fáil le hagallaimh a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

### Nótaí chuig na hEagarthóirí

- Leagtar amach an chaoi a bhfoilseoidh an OSAP cinntí in Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 (an tAcht).

- Nuair a eisiónn an OSAP cinneadh atá ina cheangal de réir an dlí, bíonn an cinneadh sin faoi réir achomharc reachtúil féideartha leis an Ard-Chúirt faoi cheann 35 lá féilire ón dáta sin.
- Ní fhoilsíonn an OSAP cinntí sula dtéann an tréimhse 35 lá sin in éag, tréimhse inar féidir leis na páirtithe achomharc reachtúil a dhéanamh leis an Ard-Chúirt.
- Ní fhoilsítear cinntí a ndearnadh achomharc ina leith leis an Ard-Chúirt, ar feitheamh chinneadh na n-imeachtaí Cúirte sin.
- Sula bhfoilsíonn an OSAP aon chinneadh atá ina cheangal de réir an dlí, tugann sé faoi athbhreithniú cuimsitheach agus dian chun a chinntiú go gcloítear le ceanglais neamh-aitheantais an Achta chun rúndacht na bpáirtithe a chosaint.
- Téann an OSAP i ngleic go neamhfhoirmiúil le gearáin ar dtús, trí éisteacht leis an dá pháirtí agus plé leo chun teacht ar réiteach a shásódh an dá thaobh. Réitítear gearáin níos tapa le hidirghabháil neamhfhoirmiúil. I gcás na ngearán nach réitíonn na hidirghabhálacha luatha sin an t-aighneas, déanann an OSAP imscrúdú ar an ngearán agus eisiónn cinneadh atá ina cheangal de réir an dlí ar an dá pháirtí ina dhiaidh sin, agus nach féidir a achomharc ach os comhair na hArd-Chúirte.
- Féadfaidh an tOmbudsman a ordú go n-íocfadh soláthraí seirbhísí airgeadais cúiteamh suas le €500,000 le gearánach agus/nó go dtabharfadh sé faoin iompar ab údar leis an ngearán a cheartú. Níl aon teorainn le luach an cheartaithe a d'ordódh sé.
- Tá cinntí a eisiónn an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean ina gceangal de réir an dlí ar an dá pháirtí, agus ní féidir iad a achomharc ach os comhair na hArd-Chúirte. Tá na cinntí ar fáil ar [www.fspo.ie/decisions](http://www.fspo.ie/decisions).